Muireann Ní Mhóráin
COGG

BÁC

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Thar ceann na heagraíochta thuasluaite

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Tríd agus tríd, tá an chuid seo den alt sásúil agus tá an-fheabhas tagtha ar chomhfhreagras scríofa ó chomhlachtaí poiblí agus ranna stáit ach is cinnte go mbíonn comhfhreagras rialta ag COGG le ranna rialtais i mBéarla de bharr nach bhfuil an cumas ag roinnt mhaith díobh siúd lena bpléann COGG, a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Tá sé an-dhúshlanach an fód a sheasamh nuair a bhíonn iarracht á dhéanamh comhpháirtíocht a fhorbairt agus ple le cúrsaí maoinithe nuair nach léirítear aon fháilte roimh an Ghaeilge. Déanann roinnt comhlachtaí éalú ón bhforáil seo trí fhreagra a thabhairt ar an nguthán i mBéarla seachas freagra scríofa a thabhairt i nGaeilge. Seachas an easpa aird a thugtar mar seo ar an Acht, ciallaíonn sé nach mbíonn freagra scríofa ar an taifead d'ábhar an chomhfhreagrais.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar athbhreithniú ar an ábhar a fhoilsítear agus cé a léann é in aon teanga. Más fiú ábhar a fhoilsiú i mBéarla, is cinnte gur fiú é a fhoilsiú as Gaeilge agus moltar ábhar a chuirtear i gcló a bheith dhátheangach faoi chlúdach amháin.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba cheart a chinntiú go bhfuil an chuid seo den alt á feidhmiu mar is cóir. Tá fíor thábhacht le feiceálacht na teanga leis an bhfeasacht teanga a fhorbairt chomh maith le cearta lucht úsáide na Gaeilge a chosaint agus a chur chun cinn. Is gá go mbeadh comharthaíocht etc ar chomhchaighdeán leis an mBéarla agus chomh feiceála ch céanna.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Níl an córas á fheidhmiú mar is ceart agus tá riar mór scéimeanna á ligean i léig agus níl monatóireacht chuí á déanamh orthu. Arís, is ceart tosaíochtaí a aithint maidir le comhlachtaí poiblí a bhíonn sa ';líne tosaigh' le muintir na Gaeltachta agus le pobal na Gaeilge agus a chinntiú go bhfuil scéimeanna teanga aontaithe acu, á bhfeidhmiú mar is ceart agus athbhreithnithe go rialta. Tá comhlachtaí áirithe ar fheabhas ach tá an-chuid samplaí ar fáil den chur i bhfeidhm easnamhach... cnaipe na Gaeilge ar shuíomh greasáin gan a bheith ag feidhmiú, mar shampla, nó an 'glaoch ar ais' ón nGaeilgeoir nach dtarlaíonn, na foirmeacha atá ar fáil as Gaeilge ach nach bhfuil ag an oifig áitiúil. Is léir gur gá an próiseas d'fhorbairt scéimeanna a shimpliú.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
D'fhéadfaí córas níos simplí a fhorbairt ina bhféadfaí dualgais áirithe a leagadh síos do gach dream, is cuma 'scéim' a bheith acu nó gan é. Ní ceart go mbeadh próiseas fadálach ann lena chinntiú go mbíonn suíomh gréasáin dhátheangach ag comhlacht poiblí, mar shampla. Is ceart gníomhartha áirithe a aithint mar dhualgais reachtúla agus gan aon rogha ann ach iad a chur i bhfeidhm.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Feictear do COGG nach bhfuil seirbhísí á soláthar go sásúil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Mar a bhaineann le feidhmeanna reachtúla COGG, eadhon cúrsaí oideachais trí Ghaeilge agus teagasc na Gaeilge, bíonn deacrachtaí leanúnacha ag scoileanna, ag tuismitheoirí agus fiú ag na daltaí féin ag fáil seirbhísí as Gaeilge ó na ranna stáit a bhíonn plé acu leo, le hoifigigh áisíneachtaí stáit a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaltaí scoile, le seirbhísí áirithe tacaíochta do mhúinteoirí agus mar sin de. Cuirtear polasaithe nua i bhfeidhm beagbeann ar na himpleachtaí do scoileanna Gaeltachat aus lán-Ghaeilge agus bíonn rás ar siul de shíor le teacht suas le lucht an Bhéarla. Sampla de seo ná mar a cuireadh 'Tionscadal Mata' sna scoileanna gan aon am ann leabhair ná áiseanna eile a bheith ar fáil as Gaeilge.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Ba cheart nach mbeadh aon cheist ann ach go mbeadh gach seirbhís stáit a chuirtear ar fáil sa Ghaeltacht ar fáil trí Ghaeilge. De bharr nach mbítear ag súil le seirbhís as Gaeilge (agus go mbíonn drogall ar dhaoine an Ghaeilge 'a bhrú'), ní éilíonn daoine a gcearta i gcónaí. Is gá go mbeadh na seirbhísí ar fáil as Gaeilge ó dhaoine le hardchumas sa teanga ionas go mbeidh seirbhís ar chomhchaighdeán le seirbhísí Béarla ar fáil agus gurb í an Ghaeilge an chéad rogha teanga a thairgítear agus cead seirbhís as Béarla a lorg, más mian.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Cé gur beag baint atá ag na forálacha áirithe seo le feidhmeanna reachtúla COGG, tá sé le sonrú nach bhfuil na cearta a bhaineann le húsáid na Gaeilge sna cúirteanna ach go háirithe, chomh maith leis an Oireachtas, daingean a ndóthain.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais,

údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Is gá a chinntiú go gcuirtear leis an liosta de réir mar a bhunaítear comhlachtaí nua agus moltar iniúchadh agus uasdátú rialta a dhéanamh air.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Tá obair den scoth déanta ag Oifig an Choimisinéara ó bunaíodh í agus tá cuid mhaith ceisteanna a bhaineann le hoideachas Gaeltachta, oideachas trí Ghaeilge agus teagasc na Gaeilge curtha faoi bhráid an Choimisinéara. Tá an-fheabhas tagtha ar sholáthair áirithe, seirbhísí tacaíochta ach go háirithe, de bharr obair an Choimisinéara. Céim ar chúl a bheidh ann má chónasctar Oifig an Choimisinéara le hOifig an Ombudsman. Mar phointe tosaigh, ní bheidh ar chumas na foirne feidhmiú trí Ghaeilge amháin agus iad i mbun oibre má bhíonn seirbhísi le roinnt, go dtí an leibhéal is airde maidir le heaspa taithí Oifig an Ombudsman ar cheisteanna an-chasta Acht na dTeangacha. Molann COGG go láidir nach rachfar ar aghaidh le haon chónascadh ach go gcosanófar neamhspleáchas na hOifige, gan cur isteach ar an sárobair atá ar bun, ach ina áit sin a chinntiú go bhfuil An Roinn Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta ag comhlíonadh a dualgas maidir le feidhmiu an Achta agus tacú le hOifig an Choimisinéara.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an roinn stáit is tábhachtaí maidir le todhchaí na Gaeilge. Tá sé aitheanta ag an gCoimisinéir Teanga nach acmhainn don roinn sin seiribhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Moltar cás speisialta a dhéanamh lena chinntiú go gcuirtear le líon na fóirne atá lán-inniúil ar an nGaeilge ionas nach mbeidh sé riachtanach dul i dtuilleamaí an bhéarla le gnó a dhéanamh leis an roinn sin.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Gach seirbhís oideachais a chuirtear ar fáil as Béarla do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna na tíre agus seirbhísí eile tacaíochta (sláinte, mar shampla) a chuirtear ar fáil trí na scoileanna.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Easpa cumais sa Ghaeilge agus easpa feasachta agus tuisceana ar an gcóras oideachais Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Aghaidh a thabhairt ar an gconstaic a bhaineann le heaspa daoine le cumas sa Ghaeilge le seirbhísi trí Ghaeilge a sholáthar. Is gá ardchaighdeán sa Ghaeilge a bheith riachtanach d'aon phost a bhaineann le seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge.